Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# CFL1anna agus CFL2nna i Seomraí Ranga

## Sainaithint

### Sainaithin


Trí phróiseas comhoibríoch ag úsáid Chomhad Tacaíochta an Scoláire (CTS)
, sainaithin riachtanais foghlama aonair agus láidreachtaí na scoláirí i do rang.




## Freastal ar na Riachtanais

### CLEACHTAS COMHOIBRÍOCH

Déanann múinteoirí pleanáil i gcomhar le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha agus chuí a chabhraíonn le scoláirí a bheith ag foghlaim i réimsí agus in ábhair éagsúla churaclaim.




### CLEACHTAS AONAIR

Roghnaíonn múinteoirí aonair torthaí foghlama ó na réimsí éagsúla curaclaim agus ó na hábhair éagsúla atá bunaithe ar shonraí ón CTS, chun eispéiris agus gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil atá oiriúnach do riachtanais an scoláire.

## Monatóireacht agus Taifead

### MEASÚNÚ

Úsáideann múinteoirí measúnú foirmitheach agus suimitheach chun fianaise nithiúil ar ghnóthachtáil foghlama a ghiniúint. Is cuid de phunann an scoláire é seo agus is air a bhunaítear teagasc, foghlaim agus measúnú amach anseo.




### TUAIRISCIÚ

De réir pholasaí tuairiscithe na scoile, tugann múinteoirí tuairisciú foirmiúil agus neamhfhoirmiúil leanúnach ar dhul chun cinn an scoláire do scoláirí, do thuismitheoirí / chaomhnóirí thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí.

CC BY NC